

AN FEAR A BHÍ AR AIMSIR LEIS AN GCNOC

87

Rí a bhí i nÉirinn, a raibh triúr mac aige. Bochtuígheadh anuas é nach raibh bó ná gamhan, caora ná uan aige. Cailleadh é fhéin agus a bhean annsin, agus d'fhan an triúr mac beo. Bliain tar éis an athair a chur, "mo chrádh agus mo mhilleadh", adeir an mac is sine, "mara suarach an áit é seo le bás a fhágáil, mara ngabhaidh mé fhéin ag tóruideacht fios m'fhortúin in áit eicínt." Lá agus bliain ón lá sin, "lá agus bliain sa lá indiú", adeir an darna mac d'fhága mo dhreatháir, an áit seo agus ní bhfuair mé a dhath ná a dhubh ná a thuairisig ó shoin.

"Mo chrádh agus mo mhilleadh chugam, mara ngabhaidh mé dá thóruideacht agus fios m'fhortúin fhéin".

Lá agus bliain ón lá sin, "mo chrádh agus mo mhilleadh agam", adeir an tríomhadh mac, "lá agus bliain sa lá indiú á d'fhág mo dhreatháir is sine an áit seo agus lá agus bliain sa lá indiú ó d'fhág mo dhreatháir eile an áit agus a ndath ná a dtuairisig ní bhfuair mé ó shoin.

88

"Mo chrádh agus mo mhilleadh agam mara ngabhaidh mé fhéin ar aimsir leis an gcnoc go ceann lá agus bliain eile", adeir sé

Chaith sé bliain a dhul chun a chnuic. Ní raibh beag ná mór dá bharr aige. Nuair a bhí an bhliain istigh aige, bhí an aimsir istigh aige go dtí aon lá amháin.

"Mo chrádh agus mo mhilleadh", adeir sé ó chuir mé an bhliain isteach, mara gcuiridh mé an lá isteach." Tháinig sé i mbárach ann agus is beag den lá a bhí caithte nuair a tháinig fear caol árd chó fada leis. Bheannuigheadar dá chéile agus d'fhiafruigh an fear caol árd dhe, an n-imreoch sé cluiche cártaí.

"Is fada liom go bhfuair mé an té a d'iarr orm é".

Shuidheadar síos ag imirt na gcártaí agus ní achar fada ar bith go raibh an game buachta ag mac rí inÉirinn air.

"Tabhair do bhreith", a deir an fhear caol árd

89

"Níl mé ag tabhairt breith ar bith", adeir sé, "ach an méid de thalamh atá ag gabhail liom a bheith faoin oiread beithidheach maidin i mbárach is tá sé i ndon a bheathú".

"Geobhfaidh mé sin", adeir an fear caol árd, "ach bí annseo agam-sa ar maidin i mbarach".

"Béad " adeir mac rí i nÉirinn.

Chuaidh mac rí in Éirinn chun an chnuic i mbárach aríst, agus is gearr a bhí sé ann nuair a tháinig an fear caol árd go dtí é..

Chuadar ag imirt aríst agus an bhean ba bhreaghtha a chuir a haghaidh le haer ariamh, bhí sí ag tigheacht leis an bhfear caol árd an lá sin agus ní mórán achair gur bhuach mac rí inÉirinn aríst.

"Tabhair do bhreith anois".

"Níl mé ag tabhairt breith ar bith", adeir mac rí inÉirinn, ach an bhean bhreagh sin a'd a thabhairt dhom".

Thug sé an bhean dhó, "ach beidh tú annseo aríst i mbárach", adeir an fear caol árd.

90

"Béad", adeir mac rí inÉirinn.

Tháinig an fear caol árd luath go leor sa lá agus an chú ba bhreachta a chonaic sé ariamh in inéinfeacht leis an bhfear caol árd.

Chuadar ag imirt agus is gear gur bhuach sé ar an bhfear caol árd aríst an tríomhadh lá.

"Tabhair do bhreith anois".

"Níl mé ag tabhairt breith ar bith, ach an coileán con a thabhairt dhom".

"Gheobhfaidh tú sin", adeir an fear caol árd, "ach beidh tú annseo i mbárach aríst", adeir sé.

Fuair sé an chú. Nuair a tháinig sé abhaile agus an chú aige, d'aithin an bhean an cú.

"Má ghníonn tú mo chomhairle", adeir an bhean, "ní ghabhfaidh tú go dtí é níos mo".

"Gabhfaidh", adeir seisean, "mar gheall mé dhó go ngabhfaínn ann".

91

"Beidh tú in aithmhéal". An chéad lá eile dá mhoiche dá raibh sé ar an gcnoc i mbárach, bhí an fear caol árd roimhe ann.

Shuidheadar síos ag imirt agus ní achar fada gur bhuach an fear caol árd air.

"Tabhair do bhreith anois", adeir mac rí inÉirinn.

"Cuirim thusa faoi gheara agus faoi mhór dhioma na bliaina, gan an darna h-oidhche a chodladh ar aon leabaidh, ná an tríomhadh beilí ithe d'aon mhéis go bfághadh tú amach, an té nár rugadh agus nach mbéarfai."

Reidhtigheadar le chéile agus nuair a tháinig mac rí inÉirinn isteach ag a n-a bhean, shuidh sé sa gcathaoir agus an treasnán fhéin agus bhris sé dhá ráille sa gcathaoir leis an osna a rinne sé .

"Tá tú faoi geasa anocht", adeir an bhean.

"Táim".

"Cé na geasa atá ort"?

"Bheith ag siubhal go brathach go bfágha mé amach an té nár rugadh is nach mbéarfai.

"Dubhairt mise leat aréir, gan dhul go dtí é níos mó".

92

"Ní dhéanfainn é sin", adeir sé.

"Níl aon fhear faoi'n domhan indon é sin a innseacht dhuit. Sin é an seanrí atá i gCríoch Lochlann.

Ar maidin i mbárach, ní moiche a d'éirigh an ghrian ná mar d'éirigh mac rí inÉirinn agus ní raibh fhios aige cén taobh a dtiubhradh sé aghaidh. Bhí sé ag tabhairt a chú ineinfeacht leis le haghaidh cuideachta dhó fhéin.

Shiubhail an bhean amach inéinfeacht leis agus shiubhladar síos go ndeachadar go bruach na fairrge, é fhéin is a bhean is a chú.

Nuair a tháingeadar go dtí bruach na fairrge chuir an bhean lámh ina póca agus tharraing sí aníos sgian phingne. Bhain sí sliseoigín de chána a bhí ina glaic.

Chaith sí amach í agus rinne sé soithín breagh deas dhí.

93

"Tabhair do chúrsa anois, ar Chríoch Lochlann agus nuair a thioctas tú i n-amharc talmhana, ceangail an chú chó maith agus fhéadas tú, mar nuair a gheobhfas an chú boladh an aéir agus na talamh, imtheócaidh sí uait gan bhuidheachas dhuit."

Nuair a chonaic sé an talamh i gCríoch Lochlann cheangail sé an chú chomh maith agus d'fhéad sé é. De réir mar a bhí an chú ag teannadh leis an talamh, bhí sí ag imteacht fiadháin air. Tháinig sí i dtír ar an talamh i gCríoch Lochlann. Tharraing sé suas a shoithín ann, i n-áit nár baoghail dhí grian dá sgoilteadh, ná comharthaí catha dá bhriseadh. Nuair a chuaidh sé amach as an soitheach níor fhéad sé an chú an coinnéail. Bhí sé cinnte ar a coinnéail nó go raibh sé i bhfoisgeacht míle go leith den chaisleán a bhí ag seanrí Lochann agus bhris sí an slabhra annsin air agus rith sí uaidh. Lean seisean ina dhiadh agus rith sí isteach geata an chaisleáin. Bhí seisean isteach ina dhiadh.

94

"Go mbeannuighe Dia annseo", adeir . Ní luatha an con ná an sgéala.

Chaith sé fhéin agus mac rí Lochlann an oidhche sin go rí-chompoirdeach go raibh said a dhul ann codlata, go raibh an trabailear ag dul an áit fhein. Ar maidin i mbárach nuair a d'éirigheadar agus bhí bricfeasta ithte acab d'fhiafruigh mac rí Lochann dhe cén ócáid é a raibh sé air, nó cén sort é fhéin. Dubhairt seisean gur buachaill é a bhí ar toruidheacht máisgirtir. "Is maith mar tharla, máighistir mise, atá ar thoruidheacht buachaill."

Reidhtigheadar le chéile go ceann bliana, é sin ar aimsir ag mac rí Lochlain.

"Céard a gabhfas mé a dhéanamh indiú", adeir mac rí inÉirinn.

"Tabhair leat rópa agus téirigh chun na coille agus tabhair leat ualach broсна le haghaidh na teine. Ara bhfaca tú ariamh, i mbainfá aon bhlas dá bhfuil glas den choill

95

Tháinig sé abhaile trathnóna agus a shean ualach den bhrosna air, den chuid a bhí críon. Nuair a chaith sé sa doras é, tarraingigeadh isteach le haghaidh na teineadh é agus fuair sé a shuipéar le n-ithe

"Cén chiall", adeir sé le mac rí Loclann, "leath na coille a bheith críon agus an leath eile a bheith glas".

"Tuige nár chuala tú gur bhain an ollphéist atá seacht mbliain ó shoin leath na coille sin dhíomsa. Tá an leath a d'fhág sí a'm-sa dhí críon anois agus a leath fhéin glas".

"Cén ciall nach raibh sé de rath ort, an leath ghlas a bhaint dhí ó shoin".

"Ní bhainfeadh ná thusa ná ar tháinig as do threibh ariamh".

Níor dhubhradar níos mó an oidhche sin, ach chuadar a chodladh agus mbárach ar maidin, is i gcoinne ualach eile, den choill, a cuireadh mac rí inÉirinn.

96

Bhí tuagh aige, le bheith ag gearradh na coille agus nuair a tháinig sé isteach sa méad a bhí críon den choill, rinne sé dhá dhing ann. Níor stop sé go ndeachaidh sé go dtí an áit a raibh an ollphéist mhór seo ina codladh. An crann is reimhre agus is glaise a chonaic sé, sin é a thosuigh sé a sgoilteadh an lá sin. Ní raibh buailte aige ach dhá bhuille, nuair a d'iarr an oilphéist dhe céard a bhí sé a dhéanamh.

"Muise feictear dhom gur bhocht an áit atá a'd-sa annsin", adeir sé "faoi ghrian is faoi bháisteach, faoi shioc agus faoi sheachta agus dhá mbeadh teachín beag deanta agat go mba mór an soilgheas dhuit é go gcoinneochadh sé an ghrian is an bháisteach uait, agus an sioc is an sneachta".

"Muise is fada an lá", adeir an oilpheist, "go ndearna aonduine truaigh dhom faoi".

"Dá mbeadh an crann seo sgoilte agam-sa dhéanfainn teach dhuit".

97

"Go leigidh Dia do shláinte dhuit", adeir an oilphéist, "agus tá mé buidheach dhuit".

Nuair a bhí dhá dhing curtha sa gcrann aige agus é osgailte go maith ó chéile "tá mé buailte anois", adeir sé "gan dHING a bheith agam le cur ann".

"Is fearr dhuit a dhul anall agus do roball a chur isteach idir an dá dHING seo, go n-athruighe mise na geanntracha agus is gearr a bheidh mé leis annsin".

Tháinig an oilphéist anall agus chuir sí a drioball isteach idir an dá dHING. "Sáith isteach chó fada agus fhéadas tú, is amhlaidh is fuide a bhéas sé ó na chéile le na geanntracha a chur isteach aríst ann".

Nuair a chuir sí isteach a dhrioball chó fada agus d'fhéad sí é, bhain seisean an dá dhing agus d'fháisc an crann ar an oilphéist.

"Tá sé dhoma ghortú", adeir sí, "leig as seo mé".

98

"Ní le do leigean as a cuireadh ann thú".

Thug an oilphéist iarraidh faoi'n gcrann agus thug sí seacht n-iomaire, seacht n-acraí le na gcuid rútaí agus an crann féin.

Bhuail sé sin, ag marcuidheacht taobh thiar dá cluasa uirthé, agus thosuigh sé dá bualadh ar an gceann, le cúl na tuaighe gur chuir sé amach san gcoill a bhí críon í.

Nuair a fuair sé amuigh sa gcoill, a bhí críon, í thosuigh sé ag baint coille agus dá chur ós cionn an chrainn a bhí ag an oilphéist agus ós cionn na h-oilphéist agus bhí a sheacht n-oiread de chaisleán a bhí ag mac rí Lochlann ag tigheacht abhaile, de choill, trathnóna aige. Nuair a bhí sé ag teacht i ngar do chaisleán mac rí Lochlann bhí buitléar amuich i gcoinne uisge ann, agus chonaic sé an oilphéist agus an choill frí chéile ag teacht aige fhéin.

Rith an buitléar isteach agus d'innis sé sgéala go raibh sé ag teacht agus an choill uilig aige agus an oilphéist .

99

Níor fhan gasúr ná cailín ná duine dá raibh sa teach nár rith nuair a chualadar go raibh an oilphéist ag teacht, ach aon chailín amháin a bhí thuas i mbarr an tighe, mar bheadh sí ag cóirú na leaba agus ní rith sí féin go bhfaca sí an oilphéist. Nuair a rith sí, bhí an oilphéist chó gar don doras nár leig an faitchíos dhí rith. Bhí cubórd sa mballa sa gcistighnigh agus rith sí isteach indiadh a tóna agus bhí a cosa agus a ceann amach.

Nuair a tháinig mac rí in Éirinn isteach, ní raibh duine ar bith le feicéal.

"Cá bhfuil chuile dhuine", adeir sé, "nó an bhfuil duine ar bith sa teach".

"Ó do chara is do choimridhe", adeir an cailín, "is ná tabhair mise le n-ithe don oilphéist".

100

"Ní thiubhrad", adeir sé, "ach, rith amach agus blaoidh ar an gcuid eile".

"Ní ghabhfadh agus ní leigfeadh an faitchíos dom go mbainidh tú an ceann den oilphéist".

Bhain sé an ceann den oilphéist leis an tuaigh agus rith an cailín ag blaodhach ar an gcuid eile annsin. Bhí an oiread broсна sa mbaile annsin agus rinne go ceann rátha iad. Thug mac rí Lochlann mac rí in Éirinn a chodladh leis fhéin an oidhche sin.

"Nach aisteach an rud, macasamhail d'fhear, a bheith gan bean a bheith ad", adeir mac rí in Éirinn.

"Muise go dona is go dochairne", adeir mac rí Lochlann, "nach breagh nár chuala tú go dtug fathach mór na gcúig gceann, na gcúig meall, is na gcúig muinghíl, mo bhean uaim-sa

seacht mbliain ó shoin as seo, ach ní ina diadh fhéin is mó atá caitheamh orm ach, an biorán óir atá i gcúl a cinn”.

101

“No chén ciall nach raibh sé de rath ort í bhaint dhí, an lá sin”.

“Ó ná síl gurb ionann é sin agus an oilphéist a’d”, adeir sí.

“Thusa, ná ar bhain dhuit ariamh, ní bhainfeadh said dhí í”.

“Beidh triáil amh leis, chó luaith, agus aireochas mé an lá”.

Ní moiche a d’éirigh an lá lá’r na bhárach ná mar d’éirigh mac rí inÉirinn.

Chuimil sé bos dhá shúile, dhá mhúrla is dhá mhalai. Dubhairt sé a thráth agus dhith sí a bhricfeasta. Bhuaile sé canda aráin coirce is gach póca leis le haghaidh lóin dhó fhéin. Chroch leis go dtubhradh sé leis seacht gcnuic, seacht ngleann, seacht mbaile, caisleáin dhá mbeidís ann go mbéarfadh sé ar an ngaoth Mhárta, a bhí roimhe sul dá mbéarfadh an ghaoth Mhárta a bhí ina dhiadh air. Luath go leor sa lá bhí sé suas leis an gcuaile comhraic a bhí socruighthe ag an bhfathach mór sa domhan thoir.

102

Bhuaile sé iarraidh ar an gcuaile chomhairc. Tháinig fear freagarta an chuile chomhraic agus d’fíafuigh sé dhe céard a bhí uaidh.

“Tá seacht gcéad romham agus seacht gcéad i mo dhiadh, seacht gcéad in aghaidh gach céad dár ndubhairt mé, sin nó fear mo theangbhála.

Níl aon fhear le fágáil annseo ach an fathach mór agus is mór an truaigh thú a bheith ag dul ag troid leis. Is deas an grisgín a dhéanfas tú ar greideall.

Is gearr go raibh an fathach mór ar fágáil. D’ionnsuigheadar a chéile mar d’ionnsóch dhá leon ar lota, nó dá tharb ar dásach nó go dtiubraidís tomanna móra bruacha trí bhairialacha bróg, go ngabhfaidh éanlaith ar an eiteallaidhe agus fir bheaga ar a gcromada isteach ins na créitheacha is na móir-chréitheacha a bhíodar fhéin a chur ar a chéile.

103

“Go mheasa a bhéas tú bliain ó anocht, is dona an rud a bhfuil mo lá caithte leis”.

Bhuaile sé i gcongar na gcúig mheall, is na gcúig mhuinghil an fathach agus bhain sé na chúig cheann dhe, den iarraidh sin. Ní raibh cheann aca nach raibh ag feadghaíl ag dul suas dhó, agus ag cronán ag dhul anuas dhó. Ní raibh aon cheann aca nár rug sé ina chiotóig agus nár chas sé ina dheasóig.

“Níor mór dhuit” a deireadh chaon cheann de na chúig, ceactar againn a ghabhail ar an gcolainn, ní bhainfeadh Leaigh na bhFiann as muid”.

“Ní le do leigin ann a bhain mise as sibh”, adeir sé.

Bhí bean mhac rí Loclainn, nach raibh tugtha uaidh, leis an fhad seo, d’aimsir, bhí sí ag teacht agus a gruaig léithe síos. Más thíos a fuair sí mac rí inÉirinn, is thuas a d’fhág sí é.

Mhúch sí le póga é agus bháith sí le deora é. Thriomhuigh sí le líonta míne síoda agus sróil agus le gruaig a chin fhéin é.

104

Bhuaileadar lámha faoi easgalaibh a chéile, go ndeacadar isteach i bparlús an fhatha. Chaitheadar an oidhche sin le fíor agus le bréag, le blas na meala ar gach aon rud agus gan aon ghreim tor.

Ní moiche a d'éirigh an lá, lár na bhárach ná mar d'éirigh an bheirt. Lochtuigheadar isteach trí soithigh le ór leaghta. Nuair a bhí trí soithigh lochta aca, chuadar chun seóil leis na trí cinn, go dtagaidís go críoch Lochlann. Chuaidh mac rí inÉirinn san gceann tosaigh de na soithigh. Chuir sé cábla aiste go dtí an darna soitheach. Chuir sé ise isteach sa darna soitheach. Chuir sé cábla as sin go dtí an tríomhadh soitheach agus tharraingeadar an triomhadh soitheach ina ndiaidh. Níor stop ariamh go dtáinigeadar go dtí Lochlainn. Tharraingigheadar suas na trí soithigh le ór leaghta ann.

105

Shiubhail sí féin agus í fhéin amach as na trí cinn agus an biorán óir a bhí ina cúl aice-se, bhí sé, ina láimh aige-san. Bhí teachtaire amuich i gcoinne uisge nó móna ó chaisleán rí Lochlainn. Nuair a bhíodar ag tigheacht ann d'aithin sé bean mhic rí Lochlainn. Rith sé isteach le sgéal aige, go raibh a bhean ag teacht.

"Ní chreidfidh mise go bráthach go bhfuil sí ag teacht, nó le theacht nó go bhfeicidh mé an biorán óir a bhí i gcúl a cinn".

D'éirigh sí amach agus chuimil sé a ordóg siar is aniar dá shúile agus chonaic sé ag teacht iad, ach is maith an sgathamh gur thuig sé faoi dearna an biorán óir ina ghlaic aige san. Rinne sé faoi na gcomhair nuair a chonaic sé an biorán óir agus más thíos a fuair sé iad, is thuas a d'fhág sé iad.

106

Ní raibh fhios aige céard a dhéanfadh sé le mac rí inÉirinn, leis an mheas a bhí aige air, faoi'n mbean a thabhairt chuige.

"Pé bí rud atá tú a iarraidh, tuibhraidh mise duit é", adeir sé le mac rí inÉirinn.

Nuair a bhí an bhliain istigh aige, "níl mé ag iarraidh tada", adeir sé, "ach tá súil a'm go bfuighidh tú amach ó t'athair, an té nár rugadh agus nach mbéarfai".

Bhí cave déanta ag an sean-rí ar chúlaibh na teine. Chuaidh an mac síos agus d'fhosgail sé an dorus agus thug sé amach ar an urlár é.

"Anois", adeir sé le n-a athair, "té nár rugadh is nach mbéarfai?".

"Sin rud, nach rud ariamh ann", adeir an sean-rí, adeir sé.

"Bhíodar seisean agus tá fhios a'd-sa go raibh".

107

"Agus mara n-innisigh tusa uait fhéin é. Caithfidh mé innseacht gan bhuidheachas".

“Ní innseoch mé, ar aon chaoi é mar nach bhfuil mé indon innseacht”, adeir an sean-rí.

Rugadar annsin air, is chuireadar isteach ar an ghreideall dearg é agus chonnuigheadar annsin é, go raibh an smior a bhí istigh ins na rúitíní ag rith ar fud an urláir.

“Leigidh as seo mé, agus nuair nár innis mé uaim fhéin é innseocha mé anois é.”

Leigeadh as é agus nuair a fuair sé amuich é fhéin, bhí sé chó daingeann is bhí sé ariamh. Dubhairt sé nach raibh fios aige é. Cuireadh ar an ngreideall aríst é agus bhí an smior a bhí ina ghluine ag teacht amach ar an ngriodall agus an smior a bhí ins na rúitíní, ag dhul amach ag an dorus.

108

Leigeadh as aríst é agus bhí sé chó daingean is bhí sé ariamh.

Cuireadh ar an ngreideall aríst é, agus an smior a bhí ins na coróga bhí sé ag teacht amach ar an ngreideall agus an smior a bhí ins na gluine bhí sé ag teacht amach ag an dorus agus an smior a bhí ins na rúitíní bhí sé ag rith ar fud na sráide.

“Leigidh as anois mé agus innseochaidh mé”.

Nuair a leigeadh as annseo é, “bhí mise lá annseo agus bhí mé ag siubhal sa ngáirdín agus casadh slat liom agus thaithnigh an t-slat liom agus séard a bhí innte slaitín draoidheacht”.

“Thug mé isteach í agus chuirinn faoi’n bpiliúr faoi mo cheann chuile oidhche í. Bhíodh sí ag imtheacht i mo láimh amh ó mhaidín go trathnóna, ach lá dá ndeachaidh mé amach rinne mé a dearmuid”.

109

“Bhí fear dubh annseo a bhí ag tarraingt uisge, agus nuair a chuimnigh mise ar an t-slaitín, do chas mé ar an teach go bhfághainn í agus a dhul thar an bhfuinneóg dom chonaic mé an fear dubh, ag deanamh usáid de do mháthair ar an leabaidh taobh istigh diom”.

“Chúl mé ar ais le náire thigheacht isteach, agus nuair a tháinig mé ar m’ais bhí mo mháthair ina seasamh sa dorus, agus an tslaitín draoidheachta ina láimh”.

“Bhuail sí buille den tslaitín draoidheachta orm, agus rinne sí eilit díom. Chuir sí gadhar i mo sháil agus gadhar i mo thár gur chuir sí go hard ins na cruic mé”.

“Nuair a dfhéadainn an deis fhaghail, thugainn gé nó lacha nó turkey liom. Bhí an t-ocras do mo chrádh. Bhíodh fiach i mo dhiadh chuile lá. Fuair sí greim orm faoi dheire agus rinne rí madra alla dhíom”.

“Chuir sí gadhair i mo sháil agus gadhar i mo thár agus bhí na gadhair go mo sháinneáil nú go ndeachaidh mé de léim i loch, a raibh mé a rith le na thaobh. Bhí oileám ar an loch agus bhí mé ag snáimh go ndeachaidh mé ar an oileán”.

“Ní raibh aon bhlas beo, le feicéal ar an oileán agam ach madra alla buineann eile. Bhí coileáin ag an madra alla buineann uaim, faoi cheann tamall eile. D’ith mé na coileáin leis an ocras. Nuair a bhí na coileáin ithte agam, bhí mé lá sínte siar agus mé caillte leis an ocras

agus bhain mé alp as a bhléin fhéin agus séard a bhí innte, bean a bhí faoi dhraoidheacht agus an fear a chuir tusa annseo, bhí sé ina bholg aige agus tháinig sé amach thrí na bhléin”.

111

“Nuair a bhain mise an ailp aiste, agus thug mé píosa maith thaobh thiar den chluais as féin agus níl ort-sa a rádh nuair a ghabhfas tú go dtí é, ach breathnú taobh thiar den chluais air féin agus go mbeidh fhios aige annsin é.”

Chroth mac rí inÉirinn leis agus níor fhan sé le níos mó sgéil agus níor stop sé ariamh nó, go dtáinig sé ar an gcnoc san áit ar fhág sé an fear caol árd agus bhí an fear caol árd ar an gcnoc roimhe”.

“Bfhuair tú amach na geasa a bhí ort?” .

“Breathnuigh thusa ar an taobh thiar den chluais ort fhéin, agus b’fhéidir go mbeadh fhios agat féin iad”.

“Is fíor sin. Tá an sean-bhuachaill beo fós ach is gearr é anois”.

“Ní fhágfa tú féin seo, nó go dtialfaidh tusa agus mé féin a chéile i dtoiseach”, adeir mac rí inÉirinn.

112

D’ionnsuigh sé féin agus an fear caol árd a chéile agus ní mórán coraidheacht a bhí air, nuair a bhí an ceann bainnte den fhear caol árd aige. Chuir sé gad ina chluais. Chroch sé leis an ceann agus níor stop sé ariamh go ndeachaidh sé go críoch Lochlann leis an gceann aríst. Nuair a chaitheadh an ceann ar an urlár agus chonnaic rí Lochlann é.

“Mise an fear is fearr i gcríoch Lochlann”, adeir sean-rí Lochlann “ó thárla an fear sin imithighthe”.

Chaitheadar an oidhche sin, go rí-chompóirdeach agus ar maidin, lár na bhárach fuair sé na trí shoithigh lochtaithe le ór leaghtha, le tabairt abhaile go h-Éirinn. Chuir sé i bhfastú dhá chéile agus sheoil sé ariamh go dtáinig go Corca, Bhinn Éadain Mhic Éide agus Mhic Amhlaidh, Thiomáin sé soitheach agus céad chun fairrge ar maidin, go ndéanfadh sé bainis dhá bhean, nuair nach ndearnadar bainis i dtosach.

Chuir sé goirm sgoile amach ar a raibh ar an rioghacht ar fad, tigheacht chun na bainse.

Octr

1931.